

**Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

TUAIRISC

**Scoil na n-Óg,
Gleann Maghair,
Co. Chorcaí**

Uimhir rolla: 18422C

Dáta na Cigireachta: 14 Eanair 2015



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S
A N C H I G I R E A C H T

Tuairisc ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Réamhrá

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) i Scoil na n-Óg i Mí Eanáir 2015. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuíomhanna foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe Gaelachas Teoranta, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Scoil chomhoideachais trí oide í Scoil na n-Óg, le oide tacaíochta foghlama, atá roinnte le scoil amháin eile sa cheantar. Freastalaíonn an scoil ar dhaltaí lae agus lán-chónaithe ó rang a sé go mórmhór agus scata beag dalta i rang a cúig, ó áiteanna timpeall na tíre. Tá seasca naoi dalta ag freastal ar an scoil don scoilbhliain seo. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

Tá **láidreachtaí** ag an scoil sna gnéithe seo a leanas:

- Tá gnóthachtáil foghlama na ndaltaí an-mhaith.
- Sroicheadh na daltaí caighdeán ard foghlama sa litirtheacht agus san uimhirtheacht.
- Tá an dul chun cinn i bhfoghlaim na Ghaeilge le moladh.
- Tugtar faoi chúram na ndaltaí go hinmholta.
- Tá cáilíocht an teagaisc ar ardchaighdeán. Go mórmhór, tá múineadh na Gaeilge ar fheabhas.
- Stiúran an príomhoide cúrsaí scoile go han-ghairmiúil agus is mór an tacaíocht a fhaigheann sí ó na baill eile ar an bhfoireann.
- Tá an-dul chun cinn déanta ag foireann na scoile i gcúrsaí féinmheastóireachta.

Déantar **na príomh-mholtaí** seo a leanas:

- Moltar bord bainistíochta do Scoil na n-Óg a bhunú.
- Moltar córas a bhunú a chuirfeadh ionchur na duismitheoirí san áireamh i gcruithú polasaithe na scoile.
- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh ina mhúineann an oide tacaíochta foghlama rang a cúig sa Mhatamaitic.
- Moltar cruinnithe bainistíochta inmheánacha oifigiúla a eagrú.

Torthaí

1. **Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí**

- Tá gnóthachtáil san fhoghlaim ar an iomlán sa scoil seo an-mhaith. Léiríonn torthaí ó na trialacha caighdeánacha agus ó na scrúdaithe téarmúil scoile go bhfuil an-dul chun cinn á dhéanamh ag na daltaí.
- De réir na dtrialacha caighdeánaithe sa litearthacht, sroictear caighdeán ard foghlama i measc na ndaltaí. Is mór an taithí a fhaigheann siad an teanga labhartha a

chur chun cinn. Baineann siad an-tairbhe as na cluichí teanga a chleachtar ag tús na foghlama. Glacann siad páirt ghníomhach thorthúil i rólímirt le linn na Drámaíochta. Is mór an taitneamh a bhaineann na daltaí as an bhfoghlaim agus cuireann sé seo go mór le féinmhuinín na ndaltaí a chothú. Tá sé ar a gcumais léirmheas géarchúiseach a thabhairt ar ábhair éagsúla san Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta. Aithrisíonn siad stór filíochta go beoga. Canann cuid de na daltaí go ceolmhar. Moltar teacht ar chomhthuiscint maidir le stór amhrán a chur de ghlanmheabhair a chuirfeadh go mór le saibhreas na foghlama.

- Léann na daltaí le brí agus le tuiscint. Cuirtear stór leathan téacs ar fáil dóibh, an t-úrcéal san áireamh, chun a gcuid scileanna a fheabhsú sa léitheoirecht. Tá leabharlann lárnach sa scoil agus is creidiúnach an ionchur atá ag na daltaí i roghnú na leabhar. Tá tuiscint mhaith acu ar ábhar na foghlama agus freagraítear ceisteanna an mhúinteora go cruinn agus go muiníneach.
- Sroictear caighdeán ard i scríbhneoireacht na ndaltaí, sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Tugtar ócáidí rialta dóibh a gcuid scileanna a chleachtadh agus aithnítear go bhfuil éagsúlacht deas sna cleachtaí idir scríbhneoireacht fheidhmiúil agus chruthaitheach. Cláraíonn siad a gcuid oibre go hordúil sna cóipleabhair.
- De réir na dtrialacha caighdeánacha san uimhirtheacht cruthaíonn na daltaí go han-mhaith sa Mhatamaitic. Tá ar a gcumas teanga na Matamaitice a thuiscint agus a úsáid le cabhair an-éifeachtúil ó na hoidí. Is mór an tairbhe a bhaineann siad as na obair ó bhéal a chleachtar san fhoghlaim. Glacann siad páirt ghníomhach san fhoghlaim agus iad ag obair i ngrúpaí chun tuiscint a chothú ar na coincheapa. Cuirtear réimse leathan fearas ar fáil dóibh le linn na gníomhaíochtaí a eagraítear. Cláraíonn siad a gcuid oibre go críochnúil sna cóipleabhair agus déantar ceartúchán rialta uirthi chun an fhoghlaim a fheabhsú.
- Tá dul chun cinn céimniúil á dhéanamh ag na ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais, de réir cumais agus aoise.
- Moltar cur chuige an tionscnaimh a chothú sa bhreis ar mhaithe le modh na fionnachtana gníomhaí a chur chun cinn.

2. Cáilíocht an teagaisc

- Tá cáilíocht an teagaisc sa scoil seo ar ardchaighdeán. Bunaítear teagasc na scoile ar phrionsabal an tumoideachais. Is oidí oilte, gairmiúla agus díograiseacha iad foireann teagaisc na scoile. Spreagann siad na daltaí chun foghlama go han-chumasach. Cruthaíonn na hoidí aitmaisféar sona foghlama sna rangsheimraí uile agus sonraítear caidreamh dearfach comhoibreach. Tacaíonn na hoidí go mór leis na daltaí dul chun cinn suntasach a dhéanamh i bhfoghlaim na Gaeilge. Is inmholta an bhéim a chuirtear ar shuibhreas teanga, ar fhoghraíocht, ar éisteacht agus ar an thuiscint na ndaltaí a chothú. Cothaíonn siad éagsúlacht thairbheach i múineadh na léitheoireachta. Eagraíonn siad grúpobair go héifeachtúil agus baineann siad leas fóna as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide mar thacaíocht don fhoghlaim. Úsáidtear ceistiúchán ardchéimneach chun tuiscint na ndaltaí a fhorbairt. Déanann siad forbairt rialta ar an bhfoghlaim le múineadh comhoibritheach a chleachtadh sa halla agus moltar an dea-chleachtas seo. Déanann siad difreálú rialta do chumais éagsúla na ndaltaí san fhoghlaim agus is mór an tacaíocht a thugann siad dóibh siúd atá ar gcúl. Eagraíonn siad gníomhaíochtaí dúshlánacha sa bhreis do dhaltaí ardghnóthachtála. Is an-tairbheach an bhéim a leagtar ar theanga na Matamaitice a chothú agus a mhíniú. Leagtar béim thairbheach ar an mata-mheabhrach agus ar scileanna na Matamaitice a chothú. Cothaítear nasc tairbheach idir na coincheapa foghlama le eispéireas an dalta féin, chun tuiscint a chothú. Eagraítear seachtain matamaitice uair sa bhlian agus cuireann an dea-chleachtas seo go mó le suim agus dea-dhearcadh an dalta a chothú san ábhar. Déantar comhtháthú éifeachtúil le hábhair éagsúla an churaclaim agus sroictear caighdeán ard san fhoghlaim. Fáilteofar roimh thuairimí na ndaltaí go rialta le linn na foghlama. Leagtar béim chuí ar scileanna na Tíreolaíochta a chothú le linn na foghlama.
- Coimeádann gach oide fillteán cuimsitheach measúnaithe ar dhul cinn na ndaltaí. Déantar tástáil rialta orthu i rith na bliana agus úsáidtear an t-eolas go buntáisteach ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige agus ar an dul chun cinn san fhoghlaim.

- Is mór an chabhair a thugann an t-oide tacaíochta foghlama do na daltaí le riachtanais speisialta oideachais. Tagann formhór na ndaltaí amach chuige ach tá socruithe déanta go mbeidh tacaíocht in-ranga ar fáil leis an dtionscnamh “*Uair na Cumhachta*” ina mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla Matamaitice ar siúl chun suim a mhúscailt agus tacaíocht sa bhreis a thabhairt do dhaltaí. Tá sé de nós ag an scoil go dtógann an t-oide tacaíochta foghlama rang a cúig don oiliúint sa Mhatamaitic. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh seo agus an tacaíocht a dhíríú orthu siúd atá ar gcúl san fhoghlaim. Moltar scéim léitheoireachta céimnithe a aimsiú a bheadh in oiriúint do éagsúlacht chumais na ndaltaí.

3. Tacaíocht d’fholláine na ndaltaí

- Tá bainisteoireacht na ndaltaí le moladh sa scoil. Caitheann gach oide go cothrom agus go comhbhách leis na daltaí faoina c(h)úram agus cruthaítear atmaisféar sona foghlama dóibh. Le linn na meastóireachta bhí na daltaí an-bhéasach agus léirigh siad an-dúil san fhoghlaim. Tá córas éifeachtúil “*Class Dojo*” i bhfeidhm sa scoil ina ndéanann na hoidí tuairisciú laethúil ar dhul chun cinn na ndaltaí. Tá réimse leathan d’eispéireis ar fáil do na daltaí, idir spórt, thurasanna oideachasúla, chomórtas eolaíochta agus Ealaín taobh amuigh d’amanna scoile. Léiríonn torthaí na gceistneoirí go bhfuil na daltaí an-sásta lena saol scoile.
- Tá gaol tairbheach ag na hoidí leis na tuismitheoirí. Coiméadann na hoidí ar an eolas go minic iad ar dhul chun cinn na ndaltaí. Tionóltar cruinnithe leis na tuismitheoirí i Mí na Samhna agus seoltar tuairisc ar an bhfoghlaim chucu ceithre uair in aghaidh na bliana. Cuirtear fáilte rompu chuig ceiliúradh na scoile, a thionóltar ag deireadh na bliana. Moltar córas a bhúnú anois a chuirfeadh ionchur na duismitheoirí san áireamh agus polasaithe na scoile á chruthú nó á athbhreithniú. Léiríonn torthaí na gceistneoirí go bhfuil na tuismitheoirí an-sásta le cúrsaí scoile.
- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, gan athrú ná leasú.

4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Pléitear agus daingnítear polasaithe na scoile ag cruinnithe de Ghaelachas Teoranta, a thionóltar ceithre uair sa bhliain. Moltar go mbeadh bainistíocht ar Scoil na n-Óg mar chúram ag bord bainistíochta faoi leith. Tá cinneadh déanta ag Gaelachas Teoranta go mbeidh bord bainistíochta i bhfeidhm roimh dheireadh na bliana, agus fáilteofar leis an gcéim chun cinn seo.
- Stiúrann príomhoide na scoile cúrsaí riaracháin, teagaisc agus foghlama na scoile le díograis agus le fuinneamh. Eiríonn léi suíomh foghlama gairmiúil a chruthú ina bhfuil riachtanais na ndaltaí lárnach. Cleachtann sí cur chuige uileghabhálach agus téann sí i gcomhairle le foireann na scoile go minic. Tacaíonn leaspríomhoide na scoile go mór léi agus comhlíonann sí a cuid dualgaisí go coinsiasach dícheallach. Is mór an tacaíocht freisin a thugann baill eile den fhoireann sa saothar.
- Ní eagraítear cruinnithe bainistíochta inmheánacha go h-oifigiúil. Moltar cruinnithe a eagrú go rialta ar mhaithe le bainisteoireacht straitéiseach na scoile a chur chun cinn. Moltar freisin clár oibre a chruthú do na cruinnithe agus na príomhchinní a chlárú.
- Níl aon rúnaí sa scoil agus moltar duine a cheapadh chun tabhairt faoi chúrsaí riaracháin na scoile.

5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá an-dul chun cinn déanta ag foireann na scoile i gcúrsaí féinmheastóireachta. Deineadh athbhreithniú ar litearthacht sa Ghaeilge agus ar réiteach fadhbanna sa Mhatamaitic agus cuireadh clár feabhsúcháin foghlama i bhfeidhm a chuireann go mór le dul chun cinn na ndaltaí. Tá tuiscint sa Bhéarla ainmnithe acu anois mar ábhar feabhasúcháin sa scoilbhliain nua.

Críoch

Tá cumas na scoile chun tuilleadh forbartha a dhéanamh go láidir leis an dearcadh gairmiúil atá ag muintir na scoile maidir le feabhsú agus dul chun cinn a dhéana.

Foilsithe Aibreán 2015